

# Saol Ella



## Eipeasóid 1: Ceacht 2

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 1: Cuid 2 **(11:25 – 22:30).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-1-ceacht-2/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas.

1. Sa chlár deireanach, chonaiceamar go bhfuil banna ceoil ag Ella. Cé hiad na carachtair eile atá sa bhanna ceoil léi?
2. Luaitear sa chlár seo gur **Gaeilge na Leabhar** an saghas Gaeilge atá ag Dan, athair Ella. Cad is ciall leis sin? Cad í an difríocht idir Gaeilge na Leabhar agus Gaeilge na Gaeltachta?
3. An cuimhin leat **cén t-ainm a bhí ar an mbean tí iontach** atá ina cónaí béal dorais le hElla? Tá sí ag glacadh le Gaeilgeoirí le fada an lá. Ar fhreastail tú ar chúrsa Gaeilge cheana? Déan cur síos ar an lóistín a bhí agat.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén rud speisialta atá ag Rónán ina sheomra codlata?
    a. póstaeir den fhoireann peile is fearr leis
    b. tolg mór
    c. saotharlann bheag
    d. carr beag ar an tseilf



2. Céard a cheannaigh Dan ó Mhurt?
3. Cad í *an phríomhchúis* a bhfuil Máirín míshásta nuair a chloiseann sí go mbeidh Dan ag glacadh le Gaeilgeoirí?
    a. Tá triúr páistí aige.
    b. Níl Gaeilge ó dhúchas aige.
    c. Tá a theach róbheag.
4. Cé mhéad babhta a bhfuil gradam *Bean tí na bliana* buaite ag Máirín as a chéile?
5. Cén teideal a thugtar ar Lúsaí, duine de na cailíní atá ag fanacht leis an teaghlach ar feadh na dtrí seachtaine?
    a. leasuachtarán
    b. leas-phríomhoide
    c. leaschathaoirleach
    d. leaschinnire
6. Céard é an rud a bhfuil cosc air i dteach Mháirín?
    a. madraí
    b. bróga salacha
    c. ríomhairí glúine
    d. fóin phóca
7. Cén míbhuntáiste *is mó* a bhaineann le bheith gan fón póca do na Gaeilgeoirí, an gceapann tú?
8. Cén gaol de chuid Ella a thagann i gcabhair ar an teaghlach?



9. Cad atá ar siúl ag deartháireacha agus ag athair Ella nuair a fhéachann sí amach an fhuinneog orthu?
    a. Tá siad ag caint lena chéile.
    b. Tá siad ag canadh.
    c. Tá siad ag féachaint ar chluiche peile ar an teilifís.
    d. Tá siad ag imirt cluiche cártaí lena chéile.
10. Cén fáth nach bhfuil Ella sásta a seomra codlata a roinnt lena Mamó don samhradh, dar leat?



snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**C. STÓR FOCAL & SAIBHREAS TEANGA**


Aimsigh comhchiallaigh na bhfocal thíos a bhfuil cló trom orthu. Tá an chéad cheann déanta mar threoir duit. Bain úsáid as www.teanglann.ie nó www.focloir.ie le cabhair a fháil.

**Coláistí Samhraidh**

Is áiteanna iontacha iad na coláistí samhraidh, (1)**gan dabht**. Freastalaíonn an-chuid (2)**daltaí meánscoile** ó cheann ceann na tíre ar na coláistí samhraidh seo. (3)**Cúrsaí coicíse** nó trí seachtaine a bhíonn i gceist leis na cúrsaí seo. Fanann na daltaí i dtithe áitiúla agus tugann an bhean tí (4)**togha na haire** dóibh. Is iondúil go bhfanann thart ar dheichniúr daltaí in aon teach amháin ach athraíonn sé sin ó theach go teach agus ó choláiste go coláiste. Bíonn na daltaí sáite i saol na Gaeilge feadh an ama agus iad sa choláiste samhraidh mar is sna ceantair Ghaeltachta den chuid is mó a (5)**reáchtáiltear** iad. Bíonn ranganna acu ar maidin, cluichí nó imeachtaí spraíúla san iarnóin, agus céilí nó dioscó sa tráthnóna. Gaeilge a chloiseann agus a labhraíonn na daltaí (6)**ó mhaidin go faoithin**.



| | |
|---|---|
| 1. gan dabht | gan amhras |
| 2. daltaí meánscoile | |
| 3. cúrsaí coicíse | |
| 4. togha na haire | |
| 5. reáchtáiltear | |
| 6. ó mhaidin go faoithin | |







snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. FEASACHT TEANGA**


**1. An focal 'Seachtain':**

Luaitear an focal **seachtain** go minic sa chlár. Athraíonn litriú an fhocail **seachtain** ag brath ar an uimhir a úsáidtear roimhe. Ní leanann an focal **seachtain** na gnáthrialacha gramadaí nuair a bhíonn bunuimhreacha in úsáid. Is eisceacht í. Seo a leanas na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar an bhfocal seachtain:



| |
|---|
| seachtain amháin |
| dhá s**h**eachtain |
| trí seachtain**e** |
| ceithre seachtain**e** |
| cúig seachtain**e** |
| sé seachtain**e** |
| seacht seachtain**e** |
| ocht seachtain**e** |
| naoi seachtain**e** |
| deich seachtain**e** |

a. D'fhan mé i Meiriceá ar feadh (2: seachtain) ____ ______________________.
b. Mhair an cúrsa (4: seachtain) ________ _______________________________.
c. Beidh mé imithe as baile as seo go ceann (3: seachtain) ______ ________________________.
d. Tháinig feabhas mór ar an aimsir (7: seachtain) __________ ___________________ ó shin.
e. (10: seachtain) ____________ _______________________ atá agat mar laethanta saoire, nach méanar duit!







snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2. Na focail 'uair', 'ceann' agus 'bliain':**

Is eisceachtaí eile iad na focail **uair**, **ceann** agus **bliain** chomh maith**.**


| Uair | Ceann | Bliain |
|---|---|---|
| aon uair amháin | aon c**h**eann amháin | Aon b**h**liain amháin |
| dhá uair | dhá c**h**eann | dhá b**h**liain |
| trí **h**uair**e** | trí **cinn** | trí **bliana** |
| ceithre **h**uair**e** | ceithre **cinn** | ceithre **bliana** |
| cúig **h**uair**e** | cúig **cinn** | cúig **bliana** |
| sé **h**uair**e** | sé **cinn** | sé **bliana** |
| seacht **n-**uair**e** | seacht **gcinn** | seacht **mbliana** |
| ocht **n-**uair**e** | ocht **gcinn** | ocht **mbliana** |
| naoi **n-**uair**e** | naoi **gcinn** | naoi **mbliana** |
| deich **n-**uair**e** | deich **gcinn** | deich **mbliana** |



Roghnaigh an leagan ceart de na focail idir lúibíní thíos:

a. Chaith Seán ceithre (bliain, bliana, mbliana) _____________ ag obair san Astráil.
b. Scóráil Eoin trí (gcinn, cheann, cinn) ______________ de chúil sa chluiche aréir.
c. Osclaíodh doras na scoile seacht (uair, uaire, n-uaire) _________________ i rith na hoíche.
d. Bhuaigh foireann na hÉireann seacht (cheann, cinn, gcinn) __________________ de bhoinn óra ag na cluichí Oilimpeacha.
e. Ní raibh Áine ach aon (bhliana, mbhliana, bhliain) __________ d'aois nuair a tháinig a deartháir ar an saol.
f. Sé (huaire, uaire, huair) _____________ as a chéile a bhuaigh foireann peile Bhaile Átha Cliath craobh na hÉireann.
g. Theip ar fhoireann peile Chiarraí craobh na hÉireann a bhuachaint cúig (n-uair, n-uaire, huaire) ______________ i ndiaidh a chéile sna hochtóidí.
h. Tá Oisín deich (bhliain, mbliana, bliain) _________________ níos sine ná mé.
i. Freastalaíonn Muintir Uí Shé ar ranganna pianó dhá (uaire, huair, uair) ______________ sa tseachtain.
j. Tháinig an phaindéim chugainn cúig (mbliana, mbliain, bliana) ____________ ó shin.







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**E. LÉAMHTHUISCINT**

**Máirín Jude: Bean Tí na Bliana**

Léigh an t-alt thíos. Cé acu abairt (A-F) is fearr a dhéanann cur síos ar ábhar gach paragraif? Tá dhá abairt ann nach mbainfidh tú úsáid astu. Scríobh an litir cheart sa spás ag barr gach paragraif.

A. Chaith Máirín roinnt mhaith blianta as baile sular fhill sí ar a fód dúchais.
B. Tá dlúthcheangal ag na mná tí éagsúla lena chéile.
C. Tá an-spéis go deo ag Máirín i gcúrsaí peile agus féachann sí ar chluichí na Gaillimhe ar an teilifís go minic.
D. Tá Máirín an-bhródúil as an obair a bhíonn ar bun aici mar bhean tí.
E. Tá Máirín ag cuimhneamh ar éirí as a cuid oibre mar bhean tí go luath.
F. Ceapann Máirín go bhfuil aos óg na linne seo thar a bheith éilitheach.



| | |
|---|---|
| 1. | |

Tá an gradam *Bean tí na Bliana* buaite agam naoi mbliana as a chéile. Is mise an bhean tí is fearr in Éirinn. Tugaim an-aire do na Gaeilgeoirí a thagann chugam gach bliain. Tugann mo dheartháir Murt cabhair dom anois is arís ach i ndáiríre mise a dhéanann formhór mór na hoibre. Is liosta le háireamh na dualgais atá ar bhean tí ach bainim sásamh as an obair.

| | |
|---|---|
| 2. | |

Cé go bhfuilim i mo bhean tí le fada bhíodh rudaí eile ar siúl agam agus mé i mo bhean óg. Rugadh agus tógadh anseo i gConamara mé ach chaith mé cúpla bliain ag obair in óstán i Nua-Eabhrac. Ansin nuair a d'fhill mé ar Éirinn bhí cónaí orm i mBaile Átha Cliath ar feadh tamaill. Is ann a bhuail mé le Seán, grá mo chroí. Chuamar siar ansin go Conamara. Cailleadh m'fhear céile cúpla bliain ó shin faraor.

| | |
|---|---|
| 3. | |

Tá coiste againn de mhná tí agus buailimid lena chéile cúpla uair sa bhliain. Is mise cathaoirleach an choiste. Is iontach go deo iad na hócáidí sin nuair a thagaimid le chéile mar bíonn deis againn ár gcuid taithí leis na Gaeilgeoirí a roinnt. Chomh maith leis sin, foghlaimímid óna chéile agus is minic a bhímid ag gáire agus scéalta á roinnt againn.

| | |
|---|---|
| 4. | |



Níl a fhios agam cén fhad eile a dhéanfaidh mé é seo. Cé gur obair shéasúrach atá i gceist bíonn tú fíorghnóthach i rith an tsamhraidh ar fad. Ní bhíonn aon deis agat do scíth a ligean ar chor ar bith i rith mhíonna an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa. Ba bhreá liom dul ar saoire chun cuairt a thabhairt ar mo dheirfiúr Síle atá ina cónaí i Sasana i rith an tsamhraidh ach ní féidir liom é sin a dhéanamh faoi mar a sheasann cúrsaí anois.



snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**F. SCRÍOBH**

Bhraith Ella ciontach nuair a d'inis a hathair di go raibh orthu glacadh le Gaeilgeoirí de bharr deacrachtaí airgeadais. Scríobh sí nóta beag chuig a hathair an mhaidin dár gcionn ag gabháil leithscéil leis as an mbealach ar chaith sí leis.

A Dhaid,
Tá fíorbhrón orm as mo chuid iompair le cúpla lá anuas. Braithim go hainnis faoi. Tá náire orm le bheith macánta leat. Bhí mé thar a bheith leithleach agus páistiúil. Ag cuimhneamh orm féin agus ar mo bhanna ceoil amháin a bhí mé seachas a bheith ag cuimhneamh ar leas an teaghlaigh. Maith dom mo chuid iompair. Tuigim anois cén fáth a gcaithfimid glacadh le Gaeilgeoirí. Tuigim chomh maith go gcaithfimid ar fad íobairtí a dhéanamh an samhradh seo. Bheadh Mam an-bhródúil asainn, táim cinnte de. Cabhróidh mé go mór leat as seo amach agus na Gaeilgeoirí anseo anois. Geallaim duit!!
Le grá,
Ella



An cuimhin leat uair éigin i do shaol féin ar lig tú duine eile síos? Scríobh **nóta beag leithscéalach** chuig an duine sin. Is leor **100 focal** a scríobh. Déan tagairt do na nithe seo a leanas i do nóta:

- An fáth a mbraitheann tú ciontach.
- Lorg maithiúnas ón duine sin.
- Abair leis an duine sin conas a dhéanfaidh tú é/í a chúiteamh.
- Bíodh tús agus deireadh ceart agat.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ & TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**



1. c. saotharlann bheag
2. buncanna
3. b. Níl Gaeilge ó dhúchas aige
4. 9 mbabhta
5. c. leaschinnire
6. d. fóin phóca
7. Ní féidir leis na Gaeilgeoirí cumarsáid a dhéanamh le daoine ón taobh amuigh.
8. A Mamó
9. d. Tá siad ag imirt cluiche cártaí lena chéile.
10. Níl aon spás príobháideach aici sa teach.

**C. STÓR FOCAL & SAIBHREAS TEANGA**

**Comhchiallaigh:**

| | |
|---|---|
| 1. gan dabht | gan amhras |
| 2. daltaí meánscoile | scoláirí iar-bhunscoile |
| 3. cúrsaí coicíse | cúrsaí dhá sheachtain |
| 4. togha na haire | an-aire |
| 5. reáchtáiltear | ritear/ eagraítear |
| 6. ó mhaidin go faoithin | ó mhaidin go hoíche |

**D: FEASACHT TEANGA**

**1. An focal 'seachtain'**

a. D'fhan mé i Meiriceá ar feadh dhá sheachtain.
b. Mhair an cúrsa ceithre seachtaine.
c. Beidh mé imithe as baile as seo go ceann trí seachtaine
d. Tháinig feabhas mór ar an aimsir seacht seachtaine ó shin.
e. Deich seachtaine atá agat mar laethanta saoire, nach méanar duit!





snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**2. Na focail 'uair', 'ceann' agus 'bliain'**

a. Chaith Seán **ceithre bliana** ag obair san Astráil.
b. Scóráil Eoin **trí cinn** de chúil sa chluiche aréir.
c. Osclaíodh doras na scoile **seacht n-uaire** i rith na hoíche.
d. Bhuaigh foireann na hÉireann **seacht gcinn** de bhoinn óra ag na cluichí Oilimpeacha.
e. Ní raibh Áine ach **aon bhliain d'aois** nuair a tháinig a deartháir ar an saol.
f. **Sé huaire** as a chéile a bhuaigh foireann peile Bhaile Átha Cliath craobh na hÉireann.
g. Theip ar fhoireann peile Chiarraí craobh na hÉireann a bhuachan **cúig huaire** i ndiaidh a chéile sna hochtóidí.
h. Tá Oisín **deich mbliana** níos sine ná mé.
i. Freastalaíonn Muintir Uí Shé ar ranganna pianó **dhá uair** sa tseachtain.
j. Tháinig an phaindéim chugainn **cúig bliana** ó shin.



**E. LÉAMHTHUISCINT**

**Máirín Jude: Bean Tí na Bliana**

| Paragraf | Príomhphointe |
|---|---|
| 1. | D: Tá Máirín an-bhródúil as an obair a bhíonn ar bun aici mar bhean tí. |
| 2. | A: Chaith Máirín roinnt mhaith blianta as baile sular fhill sí ar a fód dúchais. |
| 3. | B: Tá dlúthcheangal ag na mná tí éagsúla lena chéile. |
| 4. | E: Ceapann Máirín go bhfuil aos óg na linne seo thar a bheith éilitheach. |

**F. SCRÍOBH**

Tabhair am do na daltaí nóta a scríobh ag gabháil leithscéil le cara nó gaol leo. Is féidir é seo a dhéanamh sa rang nó mar obair bhaile.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad